

Dé Luain, an 15 Samhain 2021

Cluiche Sacair

Bhí cluiche sacair le déanaí idir Liverpool agus West Ham. Bhí ionadh ar gach duine mar bhuaigh West Ham. Níor chaill Liverpool ar feadh 26 chluiche, bhí díomá an domhain orthu.

Fuair West Ham an chéad chúl den chluiche sa cheathrú nóiméad, ach níor scóráil imreoir ó West Ham! Chuir cúl báire Liverpool an liathróid san eangach.

Ba é 3-2 an scór deireanach, bhuaigh West Ham. Bogann West Ham chuig an tríú háit. Tá siad ag dul ó neart go neart.



Seachtain Eolaíochta 2021

Bhí Seachtain Eolaíochta 2021 ar siúl an tseachtain seo caite. Is féidir eolas faoi Sheachtain Eolaíochta 2021 a fháil ar an suíomh seo

<https://www.sfi.ie/engagement/science-week/resources/> agus tá áiseanna ann do pháistí bunscoile!

Bhí páistí ar fud na tíre ag déanamh turgnamh ar scoil mar chuid de Sheachtain Eolaíochta 2021.

Tá an iris eolaíochta Eureka lán le smaointe agus gníomhaíochtaí eolaíochta agus tá sé ar fáil i nGaeilge ag:

<https://www.cogg.ie/eureka/>



Éan na Bliana



Gach bliain, cuireann an Nua-Shéalainn comórtas ar siúl darb ainm, 'Bird of the Year'. Tá an comórtas ann chun eolas a scaipeadh faoi na héin sa Nua-Shéalainn. I mbliana tá an buaiteoir aisteach mar ní éan é! Is sciathán leathair é.


I mbliana rinne daoine an cinneadh chun dhá ghrúpa de sciathán leathair a chur sa chomórtas. Ghlac beagnach 56,700 duine páirt sa chomórtas.

Sa deireadh bhuaigh an Pekapeka-Tou-Roa. Is ainmhlí an-bheag é ach tá sé dochreidte! Tá an sciathán leathair seo in ann eitilt go han-tapa.



Tasc STEM ó mhúinteoir Laoise, Ollscoil Mhá Nuad.

1. Ceathrar i ngach grúpa
2. Tasc - tá ar gach grúpa Ionad Spraoi a dhearadh don scoil
3. Bailigh seanáiseanna (ná caith sa bhosca athchúrsála iad!) - seanbhoscaí, páipéar, cairtchlár, spúinse, líontán, adhmaid, clocha srl mar shampla.
4. Ba chóir go mbeadh sleamhnán agus trampailín nó áit léime ann.
5. Tabhair hipitéis, cruthaigh an t-ionad spraoi, déan tástáil air le bréagáin bheaga - fear nó bean Lego - cuir feabhas air agus déan tástáil arís air.
6. Seol grianghraf den Ionad Spraoi a chruthaíonn tú chuig laoise.nichleirigh@mu.ie
7. Tá duais ar fáil don ionad spraoi is éifeachtaí agus is cruthaithí.



Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,



Coláiste Mhuire, BÁC 7

